# ÁR nGEALLTANAS *DUITSE* A CHOMHLÍONADH!





# ÁR nGEALLTANAS *DUITSE* A CHOMHLÍONADH!

Ó 2019 i leith, tá Coimisiún von der Leyen ag obair go dian chun tacú le daoine óga ar fud an Aontais Eorpaigh le cuidiú leo dul chun cinn a dhéanamh. Is sibhse na ceannairí a chuirfidh lenár sochaí amach anseo!

Trí dheiseanna oideachais, fostaíochta agus soghluaisteachta a chur ar fáil, is mian linn TUSA a chumhachtú le do thodhchaí féin a mhúnlú agus chun go mbeidh an Eoraip níos cuimsithí, níos rathúla agus níos inbhuanaithe.

# AN tEOLAS A FHÁIL



## AN CHUID IS FEARR A FHÁIL

Cuireann an Limistéar Eorpach Oideachais deireadh leis na bacainní idir na tíortha den Aontas ionas gur féidir leat leas a bhaint as an oideachas agus an oiliúint is fearr ar fud na hEorpa. Bímid ag obair i gcónaí chun go mbeidh sé níos cuimsithí, níos digití agus níos glaise, ionas gur féidir leat taitneamh a bhaint as eachtraí thar lear chun foghlaim agus oiliúint a fháil — agus bualadh le mic léinn eile agus tú ina bhun!



## ERASMUS+

Tá sé níos cuimsithí, níos digití agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol anois. Agus cogair i leith… Táimid tar éis buiséad Erasmus+ don tréimhse 2021-2027 a mhéadú faoi dhó nach mór. Ciallaíonn sin go bhféadfaidh na milliúin eile daoibh tabhairt faoi staidéar ollscoile, gairmoiliúint nó malartuithe ógra thar lear. Agus is féidir le múinteoirí páirt a ghlacadh freisin!

Tá an Cárta Mic Léinn Eorpach digiteach curtha i bhfeidhm againn freisin chun do thuras mar mhac léinn a dhéanamh níos éasca agus chun rochtain níos éasca a bheith agat ar sheirbhísí ar campas.



## TAISTEAL AGUS FÁMAIREACHT SAN EORAIP

Chabhraíomar le hollscoileanna ar fud an Aontais comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha a bhunú chun campais idir-ollscoile a chur ar bun. Táimid ag obair leo freisin ar chéim Eorpach ionas gur féidir leat bogadh gan stró idir ollscoileanna i dtíortha éagsúla den Eoraip.

A bhuí le DiscoverEU, bhí deis ag breis agus 250 000 duine 18 mbliana d'aois taisteal ar thraein ar fud na hEorpa agus taithí a fháil ar éagsúlacht agus ar oidhreacht shaibhir chultúrtha na hEorpa.

# D'ÁIT FÉIN A AIMSIÚ SA SAOL MÓR

## DEIS A THABHAIRT DO GACH DUINE

Má tá tú faoi bhun 30 bliain d'aois agus mura bhfuil post agat nó má tá tú ag críochnú an oideachais scoile, tá Ráthaíocht atreisithe an Aontais Eorpaigh don Aos Óg ann chun tacú leat.

Ba cheart tairiscint láidir a thabhairt duit le haghaidh poist, breis scolaíochta, printíseachta nó tréimhse oiliúna, laistigh de 4 mhí tar éis duit a bheith as obair nó tar éis duit an t-oideachas scoile a chríochnú.

Is mian linn go bhfaighidh tú post ábhartha chomh maith. Mar shampla, in 2023 is ó fhoinsí in-athnuaite a tháinig 45 % de leictreachas an Aontais, rud a chruthaigh na mílte deiseanna fostaíochta sna hearnálacha fuinnimh ghlais.





## GACH DUINE SAN ÁIREAMH

Thángamar i gcomhar le breis agus 2 500 duine faoi mhíchumas chun cárta nua míchumais a sheoladh ar fud an Aontais. Anois tá sé níos éasca do dhaoine faoi mhíchumas taisteal ar fud an Aontais!

Ghlacamar Straitéis um Chomhionannas LADTIA freisin chun cosaint níos fearr a thabhairt do chearta an phobail LADTIA agus chun a chinntiú gur féidir leat a bheith dílis duit féin is cuma cén áit a bhfuil tú san Aontas.



## PRINTÍSEACHTAÍ AGUS TRÉIMHSÍ OILIÚNA

Tá baill an Chomhaontais Eorpaigh do Phrintíseachtaí ag obair chun níos mó printíseachtaí agus printíseachtaí níos fearr a chur ar fáil ar fud na hEorpa (agus níos faide i gcéin go fiú).

Ina theannta sin, táimid tar éis Creat Cáilíochta Atreisithe a mholadh chun feabhas a chur ar dhálaí tréimhsí oiliúna agus pá cothrom a chinntiú do gach oiliúnaí agus cuimsitheacht a chinntiú do ghrúpaí leochaileacha.

# A BHEITH FAOI RATH



## AIRE A THABHAIRT DUIT FÉIN AGUS DO DO MHUINTIR

Maraíonn ailse na milliúin daoine, daoine óga san áireamh, ach tá 40 % de na cásanna inchoiscthe. Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar an gcóir leighis agus go bhfuil níos mó daoine ag teacht slán ón ailse, is mian linn an cosc, scagthástáil agus rochtain ar chóir leighis a fheabhsú le Plean Sáraithe Ailse an Aontais.

Bímid ag obair go dian chun feabhas a chur ar shaol na n-othar ailse agus na ndaoine a tháinig slán ón ailse, agus tugaimid le chéile daoine óga ar fud na hEorpa a tháinig slán ón ailse chun gur féidir leo a gcuid scéalta agus dúshlán a chomhroinnt.


Leis an bhfeachtas #UnitedinProtection, is mian linn a léiriú go mbíonn tionchair mhóra ag gníomhartha beaga, amhail vacsaíniú. Bíodh a fhios agat go bhfuil na vacsaíní san Aontas sábháilte, ón instealladh fliú go dtí an vacsaín in aghaidh HPV.

## MEABHAIRSHLÁINTE



Tá an mheabhairshláinte chomh tábhachtach céanna le seal a chaitheamh san ionad aclaíochta nó bia folláin a ithe.

Táimid dáiríre faoin meabhairshláinte; dírímid ar dhaoine óga agus brisimid síos an stiogma a bhaineann le bheith ag labhairt fúithi. Toisc go mbíonn tionchar ag go leor rudaí ar an meabhairshláinte, mar shampla an áit a bhfuil cónaí ort nó an post atá agat, táimid ag déanamh cinnte de go dtabharfaimid tús áite don mheabhairshláinte agus beartais nua á gceapadh againn nó dlíthe nua á moladh againn.



## AN PICTIÚR MÓR

Tá níos mó i gceist leis an tsláinte ná cúrsaí pearsanta; téann ár dtimpeallacht i bhfeidhm uirthi freisin. Sin é an fáth ar oibríomar go crua chun teorainn a chur le micreaphlaistigh agus le truailliú torainn, agus chun cosc a chur ar cheimiceáin dhíobhálacha is cúis le hailse, chun tú a choinneáil sláintiúil agus aire a thabhairt don phláinéad ag an am céanna.

# AIRE A THABHAIRT *DON DOMHAN MÓR*



## *DLÍ AR FEADH AN tSAOIL*

Is é sprioc an Aontais a bheith aeráidneodrach — agus astaíochtaí glan-nialasachta a bheith ann — faoi 2050. Rinneamar oifigiúil é leis an Dlí Aeráide. Tá athrú mór á dhéanamh againn cheana féin chun astaíochtaí a laghdú faoi 2030.



## *CUR CHUIGE DIFRIÚIL*

Chun aire a thabhairt dár bpláinéad, tá athmhachnamh iomlán le déanamh ar ár gcur chuige ina leith.

Chuireamar plean i bhfeidhm chun an faisean a dhéanamh níos éiceabháiche agus chuireamar crua ar an nglas-snasú, rud a fhágann nach gcuirfear dallamullóg ort táirgí 'éiceabhácha' a cheannach mura táirgí éiceabhácha iad.

D'iarramar go mbeadh an ceart agat rudaí a dheisiú freisin, agus tá sé níos éasca agus níos saoire giuirléidí a dheisiú dá bharr sin seachas fáil réidh leo. Is é an sprioc atá ann táirgí indeisithe marthanacha agus deireadh a chur leis an gcultúr caiteach.

Agus muid ag caint ar an ábhar sin, tá cosc curtha ag an Aontas ar tháirgí plaisteacha aon úsáide a chur ar mhargaí thíortha an Aontais nuair a bhíonn roghanna malartacha inbhuanaithe inacmhainne ar fáil.

## *IS AGATSA ATÁ AN CHUMHACHT*

Táimid ag athrú go fuinneamh glan agus táimid ag úsáid níos lú cumhachta. Is féidir leat análú go réidh; tá an t-aer níos glaine agus táimid ag tabhairt aire don phláinéad.



# PLUGÁILTE ISTEACH

## AIRD AN DOMHAIN AR AN INTLEACHT SHAORGA

Tá an intleacht shaorga thar barr ar fad, ach níl aon duine ag iarraidh go n-imeodh sí as smacht. Ní maith linn gaisce a dhéanamh, ach is é Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga an chéad chreat dlíthiúil ar domhan chun cinnte a dhéanamh de nach sáraíonn córais intleachta saorga cearta an duine, an tsábháilteacht ná prionsabail na heitice.





## NA hARDÁIN MHÓRA

Is amhlaidh atá i gcás na n-ardán mór ar líne. Le Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha de chuid an Aontais, cinntítear go láimhseálann na hardáin sin a suíomhanna go freagrach agus go ndéileálann siad leis an tionchar meabhrach agus fisiciúil ar úsáideoirí mar chuid de sin.

Ba cheart go mbeifeá in ann cibearbhulaíocht nó aon ábhar amhrasach a thuairisciú anois gan stró. Ina theannta sin, tacaíonn na rialacha leat i gcoinne na bréagnuachta agus cinntíonn siad nach gcuirfear srian le do ghuth.



## NUASHONRUITHE

Tá an saol á dhigitiú againn trí rudaí amhail Tiachóga na Céannachta Digití le haghaidh seiceálacha sábháilte aitheantais ar líne agus comhroinnt doiciméad. Chomh maith leis sin, tá deireadh á chur le ruaille buaille na luchtairí: faoi dheireadh 2024, úsáidfear USB-C uilíoch le gach guthán, táibléad agus ceamara nua a dhíoltar san Aontas. Ina theannta sin, táimid ag luí isteach ar na domhain fhíorúla, ag cur borradh faoi scileanna do chruthaitheoirí agus ag cur tús leis an bplé leat maidir le páistí agus aosaigh óga a choinneáil sábháilte ar líne.

# DOMHAN *FAOI SHÍOCHÁIN*

## *IDIRNASCTHA*

Tá sé níos tábhachtaí ná riamh a bheith aontaithe ar fud an domhain.

A bhuí leis an bPlean Gníomhaíochta don Aos Óg agus le Clár an Aontais um Oideachas agus Múscailt Feasachta maidir le Forbairt, tá na milliúin agaibh páirteach cheana féin agus ag dul i ngleic le saincheisteanna domhanda in éineacht le bhur bpiaraí.






## *AN ÁIT A BHFUIL SÉ AG TARLÚ*

Má tá tú idir 18 agus 35 bliain d'aois, is é an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach do bhealach chun obair dheonach, intéirneacht nó obair a dhéanamh, nó páirt a ghlacadh i dtionscadail áitiúla a dhéanann difear. Le déanaí, mhéadaíomar luach na ndeontas chun dul i ngleic leis an mboilsciú agus cinnte a dhéanamh de go bhfaigheann do thionscadail maoiniú fós.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh freisin chun páirt a ghlacadh sna Boinn Braite Óige. Is éard atá sna boinn bhraite seo grúpaí daoine óga a chuireann comhairle orainn maidir le rannpháirtíocht agus cumhachtú na hóige agus muid ag gníomhú ar fud an domhain.

## *CUIDIÚ LEIS AN ÚCRÁIN*

Ón gcéad lá den ionradh, tá an tAontas ag tacú leis an Úcráin gan stad gan staonadh, agus ní bheidh deireadh leis an tacaíocht sin.

Faoi láthair, táimid ag cur spás sábháilte ar fáil do bhreis agus 4 mhilliún dídeanaí ón Úcráin, spás ina bhfuil an ceart acu staidéar, obair agus cónaí a dhéanamh san Aontas. Ár mbuíochas ollmhór libh as dídeanaithe ón Úcráin a chur ar a gcompord trí bhur dtionscadail le Erasmus+ agus leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach!

Thugamar maoiniú breise do Erasmus+ chun cabhrú le mic léinn Úcránacha iad féin a chur in oiriúint dá dtimpeallachtaí foghlama nua ar fud an Aontais.

Sheolamar an tArdán um Oideachas Scoile freisin, mar a bhféadfaidh tíortha an Aontais leideanna a chomhroinnt maidir le fáilte a chur roimh dhídeanaithe óga ón Úcráin isteach ina scoileanna.






## *AN MEÁNOIRTHEAR*

Táimid ag obair i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla agus domhanda, leis na Náisiúin Aontaithe, agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun dlús a chur le seachadadh na cabhrach daonnúla go Gaza gach bealach is féidir linn — ar tír, ar aer agus ar muir. Leanaimid de bheith i bhfách le sibhialtaigh a chosaint agus le síocháin bhuan, síocháin ina bhféadfaidh dhá stát maireachtáil taobh le taobh, i gcomhréir leis an méid atá leagtha amach ag na Náisiúin Aontaithe.

# NA BEALAÍ AR *THÁINIG SIBH I LÁTHAIR*



## *DO GHUTH A AIMPLIÚ*

Thiomnaigh an tAontas bliain iomlán daoibh: Ba í 2022 Bliain Eorpach na hÓige agus d'athraigh sí ó bhonn an chaoi a nglacann daoine óga páirt i gceapadh beartais an Aontais.

Rinneamar cinnte de go bhfuil tú níos rannpháirtí anois ná riamh i bpróisis dhaonlathacha an Aontais. Agus beartais an Aontais á gceapadh againn, cuirfimid 'seiceáil óige' i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear a dtionchar ort san áireamh. Ina theanna sin, is féidir leat páirt a ghlacadh anois in idirphlé beartais ardleibhéil agus labhairt go díreach le Coimisinéirí Eorpacha.

Tá straitéis óige ag an Aontas freisin. Is plean é, atá deartha in éineacht leatsa agus ar do shonsa, ina leagtar amach an chaoi a n-oibreoidh an tAontas Eorpach le chéile le húdaráis Eorpacha ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun tú a chumhachtú le páirt a ghlacadh sa tsochaí dhaonlathach. Seiceálfaimid isteach leat go rialta, agus déanfaidh cinnteoirí eile amhlaidh, trí ghníomhaíochtaí Idirphlé Óige.

Táimid ag déanamh cinnte de go mbeidh ionadaíocht agaibh freisin in imeachtaí daonlathais rannpháirtíochta: roghnaítear aon trian de na rannpháirtithe i nglúin nua na bPainéal Saoránach Eorpach agus i gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa 2021-2022 go randamach ó gach ceann de na 27 mBallstát. Nár roghnaíodh thú? Ná bíodh imní ort: tá Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach ar oscailt agus ag fanacht le do thuairimí!



# AN CHAIMILÉIREACHT A SHEACHAINT

An féidir leat a dhéanamh amach céard atá fíor agus céard atá bréagach? Cuidíonn an tAontas leat bréagnuacht agus bréagaisnéis a aithint agus conas freagairt ar an méid sin trí úsáid a bhaint as eolas ceart agus cainéil meán cumarsáide.

Chomh maith leis sin, táimid ag déanamh cinnte de go dtabharfaidh ardáin ar líne dáiríre faoin mbréagaisnéis a chomhrac — agus smacht á choinneáil ar na bréaga a n-eascraíonn fuath agus mearbhall astu — agus faoi thacaíocht a thabhairt do sheiceálaithe fíricí amhail . an Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha.

Líonra ollmhór ar fud na hEorpa is ea an fhaireachlann ina bhfuil taighdeoirí acadúla, seiceálaithe fíricí agus saineolaithe sna meáin a oibríonn i gcomhar le chéile chun bréagaisnéis a aimsiú agus deireadh a chur léi. Tá sé de mhisean acu an bhréagnuacht a nochtadh chun ár smaointe a choinneáil cruinn agus an fuath a ruaigeadh.

# BHÍ TÚ GNÓTHACH

Tionólann na mílte daoine óga ag Seachtain Eorpach na hÓige agus ag an gCruinniú Eorpach um an Óige ó gach cearn den Eoraip le haghaidh cainteanna móra faoin todhchaí. Beidh an deis agat labhairt go díreach le saineolaithe agus oifigigh ag ár bhféilte daonlathais.

Is éard atá i dtionscnamh na nAmbasadóirí Óga Eorpacha líonra a nascann le piaraí thú ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha is iarrthóirí ionchasacha.

Tacaíonn Duais an Bauhaus Eorpaigh Nua do Réaltaí atá ag teacht chun cinn le do smaointe móra maidir le spásanna maireachtála inbhuanaithe faiseanta. Seo é do dheis le d'fhís le haghaidh domhan níos glaise agus níos cuimsithí a léiriú.

# FAIGH AMACH NÍOS MÓ:

Cúinne na foghlama
An tAontas go héasca

An Coimisiún Eorpach
Teagmháil: COMM-A2@ec.europa.eu
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024
© An tAontas Eorpach, 2024 (CC by 4.0)
Léaráidí: © Adobe Stock

PDF: ISBN 978-92-68-13600-3 doi:10.2775/846915 NA-02-24-323-GA-N
Print: ISBN 978-92-68-13566-2 doi:10.2775/42386 NA-02-24-323-GA-C